| **Ceacht a Trí Déag** | **Achoimre** | **Comhráite** |
|---|---|---|
| **Lesson Thirteen** | **Review** | **Conversations** |

| **Gaeilge** | **Béarla** |
|---|---|
| **1. Cad is ainm duit?** | **What's your name?** |
| 2. Is mise Pádraig (Pádraig is ainm dom). | I'm Patrick (My name is Patrick). |
| **3. Cén chaoi a bhfuil tú?** | **How are you?** |
| 4. Tá mé go maith. | I'm fine. |
| **5. Cad atá ort?** | **What's wrong?** |
| 6. Tá tinneas cinn orm. | I have a headache. |
| **7. An maith leat feoil?** | **Do you like meat?** |
| 8. Ní maith. Is fearr liom prátaí. | No. I prefer potatoes. |
| **9. Ar mhaith leat gloine uisce?** | **Would you like a glass of water?** |
| 10. Ba mhaith. Go raibh maith agat. | Yes. Thanks. |
| **11. An bhfuil tú tinn?** | **Are you ill?** |
| 12. Níl. Tá mé ceart go leor. | No. I'm ok. |
| **13. An bhfuil sé fuar i San Diego inniu?** | **Is it cold in San Diego today?** |
| 14. Níl. Tá sé te anois. | No. It's hot now. |
| **15. Cá bhfuil Síle?** | **Where's Sheila?** |
| 16. Tá sí sa pháirc. | She's in the park. |
| **17. An bhfuil sí sa chistin?** | **Is she in the kitchen?** |
| 18. Níl. Tá sí sa ghairdín. | No. She's in the garden. |
| **19. An bhfuil peann agat?** | **Do you have a pen?** |
| 20. Tá. Seo duit. | Yes. Here you are. |
| **21. An raibh tú in Érinn riamh?** | **Were you ever in Ireland?** |
| 22. Bhí. Bhí mé ann anuraidh. | Yes. I was there last year. |
| **23. Ar ól tú an tae?** | **Did you drink the tea?** |
| 24. Níor ól. Bhí sé fuar. D'ól mé caife. | No. It was cold. I drank coffee. |
| **25. An bhfaca tú Máire aréir?** | **Did you see Mary last night?** |
| 26. Ní fhaca, ach chonaic mé inniu í. | No, but I saw her today. |
| **27. Cá ndeachaigh tú ar maidin?** | **Where did you go this morning?** |
| 28. Chuaigh mé go hEscondido. | I went to Escondido. |
| **29. An ndeachaigh tú le Seán?** | **Did you go with Sean?** |
| 30. Ní dheachaigh. Chuaigh mé le hÁine. | No. I went with Anne. |
| **31. An bhfuair tú mo litir?** | **Did you get my letter?** |
| 32. Fuair. Fuair mé inniu í. | Yes. I got it today. |
| **33. Cár chuir tú mo leabhar?** | **Where did you put my book?** |
| 34. Chuir mé sa chistin é. | I put it in the kitchen. |
| **35. An mbeidh tú anseo amárach?** | **Will you be here tomorrow?** |
| 36. Ní bheidh. Beidh mé ag imirt peile. | No. I'll be playing [Gaelic] football. |

# Ceacht a Trí Déag — Achoimre — Comhráite I
# Lesson Thirteen — Review — Conversations I

| **Comhrá 1** | **Conversation 1** |
|---|---|
| M: Dia duit. | Hello. |
| P: Dia ’s Muire duit. | Hello. |
| M: Is mise Máire. | I’m Mary. |
| Cad is ainm duit? | What’s your name? |
| P: Is mise Pádraig. | I’m Patrick. |
| M: Cén chaoi a bhfuil tú, a Phádraig? | How are you, Patrick? |
| P: Tá mé go breá. Agus tú féin? | I’m great. And yourself? |
| M: Tá mé go maith, ach tá tart orm. | I’m fine, but I’m thirsty. |
| P: Tá sé an-te inniu. | It’s very hot today. |
| M: An raibh tú amuigh? | Were you outside? |
| P: Bhí. Bhí mé amuigh an lá ar fad. | Yes. I was outside the whole day. |
| M: Ar mhaith leat deoch? | Would you like a drink? |
| P: Ba mhaith, le do thoil. | I would, please. |
| M: Tar isteach agus suigh síos. | Come in and sit down. |
| P: Go raibh maith agat. | Thank you. |
| M: A Sheáin! | Sean! |
| S: Sea, a Mhamaí?! | Yes, Mommy?! |
| M: Cá bhfuil an t-uisce? | Where’s the water? |
| S: Tá sé sa chistin. | It’s in the kitchen. |
| M: Faigh gloine uisce dom, le do thoil. | Get me a glass of water, please. |
| S: Ceart go leor, a Mhamaí. | Ok, Mommy. |
| … Seo duit. | Here you are. |
| M: A Phádraig, seo é mo mhac, Seán. | Patrick, this is my son, Sean. |
| P: Dia duit, a Sheáin. | Hello, Sean. |
| S: Dia ’s Muire duit. | Hello. |
| P: An bhfuil leithreas agaibh? | Do ye have a toilet? |
| S: Tá. Cas ar dheis, lean ar aghaidh, | Yes. Turn to the right, continue on. |
| agus ansin cas ar chlé. | and then turn to the left. |
| Tá an leithreas ansin. | The toilet is there. |
| P: Go raibh míle maith agat. | Thanks a lot. |
| S: Fáilte. | You’re welcome. |

# Ceacht a Trí Déag — Achoimre — Comhráite II
# Lesson Thirteen — Review — Conversations II

| Comhrá 2 | Conversation 2 |
|---|---|
| B: Cén chaoi a bhfuil tú a Thadhg? | How are you, Tim? |
| T: Tá mé ar fheabhas! Agus tusa, a Bhairbre? | I'm excellent! And you, Barbara? |
| B: Tá mé go maith, ach tá Tomás tinn. | I'm fine, but Tom is ill. |
| T: Cad atá air? | What's wrong with him? |
| B: Tá slaghdán air. | He has a cold. |
| T: Cá ndeachaigh sé aréir? | Where did he go last night? |
| B: D'fhan sé amuigh go déanach. | He stayed outside until late. |
| T: Bhí sé an-fhuar aréir. | It was very cold last night. |

| Comhrá 3 | Conversation 3 |
|---|---|
| N: A Séamuis! | Jim! |
| S: Sea, a Nuala? | Yes, Nuala? |
| N: An bhfaca tú mo pheann? | Did you see my pen? |
| S: Ní fhaca. Cá raibh sé? | No. Where was it? |
| N: D'fhág mé ar an mbord é. | I left it on the table. |
| S: Níl sé ansin anois. | It's not there now. |
| N: An bhfuil peann agatsa? | Do you have a pen? |
| S: Tá. Seo duit. | Yes. Here you go. |

## Dán — Poem (le Morgan Tear)

| **Dinnéar** | **Dinner** |
|---|---|
| Rinne Mamaí dinnéar | Mommy made dinner |
| Tá sé ar an mbord | It's on the table |
| Tá feol agus prátaí ann | There is meat and potatoes |
| Agus cáca mór deas | And a nice big cake. |
| Is maith liom na prátaí | I like the potatoes |
| Is maith liom an feol, | I like the meat, |
| Ach b'fhearr liom an cáca deas, | But I'd rather have the nice cake |
| Atá ar an mbord. | That's on the table. |